

# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

## SPARÁNACHT EALAÍNE AN PHOBAIL 2019

### CEANTAR FHIONNGHLAISE



**Ainm:**

**Ainm an Ghrúpa: (más bainteach))**

**Seoladh:**

**Uimhir ghutháin:**

**R-phost / Suíomh gréasáin :**

**Cuir in iúl an disciplín ealaíne a bhfuil tú ag cur isteach air:**

Amharc-ealaín  Drámaíocht  Ceol  Litríocht  Damhsa  Eile

**Tabhair sonraí do thogra:**

*(Is Féidir leathanaigh bhreise a chur leis seo)*

## **Tabhair costais chruinne, ainmneacha soláthraithe agus suíomhanna gréasáin:**

*(Tabhair do d'aire nach glúdáidh an sparánacht an costas iomlán agus seans go mbeidh ort a léiriú conas a chuirfeá airgead ar fáil don fhuilleach).*

**Cá mhéad atá tú iarraidh mar mhaoiniú ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath? Beidh an maoiniú idir €250 agus €1000.**

**Má fhaigheann tú an maoiniú, léirigh conas a bheifeá ábalta cúnamh a thabhairt don phobal áitiúil agus conas a léireoidh tú an tacaíocht atá tú a fháil ón sparánacht:**

Má tá tuilleadh eolais agat a gcreideann tú a mbeadh baint aige le d'iarratas, cuir sin leis an fhoirm iarratais seo:

Síniú:	Dáta:
--------	-------

**Caithfear gach iarratas comhlánaithe a chur tríd an ríomhphost chuig**

[Finglascommunity@dublincity.ie](mailto:Finglascommunity@dublincity.ie)

**nó sa phost chuig:**

Forbairt Pobail & Shóisialta,  
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,  
Oifig Cheantar Fhionnghlaise,  
Bóthar Uí Mhaoilíosa,  
Fionnghlas,  
Baile Átha Cliath 11.

**Is é an t-am deiridh a nglacfar le hiarratais 5pm ar 5 Aibreán 2019**

#### Critéir le haghaidh sparánacht an phobail:

- Tá de chuspóir ag an sparánacht cúnadh a thabhairt do mhuintir na háite, grúpaí cruthaithe nó ealaíontóirí chun a gcleachtas ealaíne a fhorbairt, chun tacú lena bpleananna, chun áiseanna a cheannach, cabhrú le meantóireacht nó freastal ar mháistir-ranga.
- Táthar ag dúil go gcuideoidh an sparánacht le mianta a chothú sa phobal áitiúil/ in ealaíontóirí/ i ngrúpaí cruthaitheach.
- Is é príomhchuspóir na sparánachta scileanna agus cleachtas ealaíne a fhorbairt.
- Tá sé tábhachtach go mbeidh iarratasóirí in ann a léiriú go dtaispeánann a n-iarratas ar sparánacht smaoineamh soiléir atá indéanta & insroichte.

#### Téarmaí agus coinníollacha sparánacht an phobail:

- Tacóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Cheantar Fhionnghlaise le gníomhaíocht ealaíne a bhíonn á gcur chun cinn ag grúpaí pobail agus ag daoine aonair ag brath ar na háiseanna atá ar fáil.
- Caithfidh an tionscadal a bheith le leas mhuintir Fhionnghlaise.
- Caithfidh an t-eolas a chuireann an t-iarrthóir/grúpa/eagraíocht ar fáil a bheith cruinn agus iomlán.
- I gcás mífhaisnéise seans go ndícháileofar thú agus/nó go mbeidh ort aon deontas a tugadh a aisíoc.
- Má áirítear páistí nó daoine óga faoi 18 sa tionscadal a mholtar, caithfidh polasaí um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm ag gach grúpa/eagraíocht, polasaí ina bhfuil nós imeachta grinnfhiosrúcháin.
- Ná cuir isteach bunobair ealaíne mar ábhar tacaíochta.
- Caithfidh iarrthóirí a n-éiríonn leo tuairisc ar an tionscadal a maoiníodh a chur isteach má iarrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sin.
- Caithfear fianaise ar chaiteachas, admhálacha/sonraisc a choinneáil agus a sholáthar do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath má iarrtar é sin.
- Caithfear an cúnadh a fuarthas ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath a admháil go poiblí i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.
- Más féidir ar dhóigh ar bith é, bíodh na hiarratais a chuirtear isteach clóbhuailte. Bloclitreacha sa scríobh ar mhaithe le hinléiteacht.
- Déanfaidh painéal coimisiúnaithe ar a bhfuil dhá ionadaí ón phobal, oifigigh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, measúnú ar na haighneachtaí deontais. Nuair a bheidh measúnú déanta ar gach iarratas, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath teagmháil leis na hiarratasóirí ar éirigh leo.
- Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh.
- **Is é an t-am deiridh a nglacfar le hiarratais 5pm ar 5 Aibreán 2019.**
- Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil leis an Oifig Forbartha Pobail agus Sóisialta, Fionnghlas ar (01) 2225400.

## **Príobháideachas agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (G.D.P.R)**

Is é an cuspóir atá le phróiseáil do chuid sonraí ná d'iarratas a phróiseáil le haghaidh Sparánacht Ealaíne an Phobail. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus baill áirithe de Choiste Stiúrtha Chomhphairtíocht San Eiléan measúnú ar an eolas a thugann tú.

Tabhair do d'aire chun do phríobháideachas a chosaint; déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bearta lena chinntiú cé thú féin sula gceadaítear rochtain ar shonraí pearsanta. Más maith leat cuid ar bith de na cearta sin a fheidhmiú, cuir isteach iarratas chuig ár nOifigeach Cosanta Sonraí ag cur síos ar mhionsonraí an iarratais. R-phost: [dataprotection@dublincity.ie](mailto:dataprotection@dublincity.ie) Teil: 01 2223775. Déanfar gach iarratas bailí a phróiseáil gan rómhoill agus i gcás ar bith taobh istigh d'aon mhí amháin ón iarratas a fháil. Is féidir go gcuirfear síneadh suas le dhá mhí leis an tréimhse sin nuair is gá.